



**LEGAL AID BOARD**

Tuairisc Bhliantúil 2003

## CLÁR

Réamhfhocal ón gCathaoirleach	2
Foireann fheidhmiúcháin na Ceannoifige	4
An Bord	5
Feidhmeanna an Bhoird	6
Rialú corparáideach	7
Na cásanna ar pléadh leo i 2003	9
Éileamh ar sheirbhísí dlithiúla in ionaid dlí	14
Úsáid chleachtóirí príobháideacha	16
Maoiniú líonra na n-ionad dlí agus an tionchar aige seo ar leibhéal na seirbhísí a chuireann an Bord ar fáil	17
Imeachtaí dlí i gcoinne an Bhoird maidir le soláthar seirbhísí dlí	19
Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe	19
Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaitheaithe	23
Cuntas achomair ar roinnt cásanna a fuair cúnamh dlí	25
Acmhainní daonna	27
Airgeadas	29

## Aguisíní

1. Ciste um Chúnamh Dlí	36
2. Staitisticí do 2003	52
3. Eolas comparáideach ar na cásanna ar pléadh leo i 2002	55
4. Liosta de na hionaid dlí	58
5. Sonraí faoin tástáil acmhainne	62
6. Bileoga eolais ar fáil ón mBord	64

## RÉAMHFHOCAL

Is í seo an chéad Thuairisc Bhliantúil atá déanta agam mar Chathaoirleach ar an mBord um Chúnamh Dlí, agus baineann sí leis an mbliain 2003. Bhí an-bhrón orm agus mé ag glacadh áite an Chathaoirleach tar éis don Uas. Eamon Leahy, Abhcóide Sinsearach, bás a fháil go tobann i mí Iúil 2003. I measc na gcáilíochtaí a thug Eamon leis don Bhord bhí a chumas intleachtúil, a ghreann agus chomh truachroích is a bhí sé, agus bhí brón ó chroí orainn go léir nuair a fuair sé bás.

Ba mhaith liom fáilte a fhearadh roimh an Uas. David Barniville, Abhcóide, ball nua de chuid an Bhoird seo, atá in oifig ó Mheán Fómhair, 2003.

I 2003, cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil i 19,500 cás san iomlán, i gcomparáid le 21,300 i 2002. As an méid seo, phléigh ionaid dlí le 13,000 cás; chuir an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe (SDD) seirbhísí ar fáil do bheagán thar 5,600 cás, agus chuir scéim na gcleachtóirí príobháideacha seirbhísí ar fáil do 900 duine.

Tháinig laghdú ar an deontas cistíochta do sholáthar leanúnach seirbhísí dlíthiúla ó €17.636 milliún i 2002 go €17.539 milliún i 2003. Ba dhúshlán don Bhord leibhéal réasúnta seirbhíse a choinneáil suas agus an méid seo cistíochta aige. Ba é €18.389 an méid a leithdháileadh sa deireadh i 2003, a raibh maoiniú breise €850,000 clúdaithe ann chun costais an Bhoird a íoc, ag cur san áireamh an costas a bhain le tionscadal an Bhoird maidir le húsáid chleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Chuarda. Fuarthas an maoiniú breise seo tar éis cruinnithe leis an Aire agus a oifigigh agus d'fháiltigh an Bord roimpi.

Ba leor an maoiniú, arbh é €9.177 milliún an méid a fuarthas, don tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe agus don Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaithe, chun ligean don Bhord freastal ar an éileamh ar sheirbhís sa réimse seo.

Ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Michael McDowell, T.D., agus lena oifigigh as a n-iarrachtaí leanúnacha acmhainní a chur ar fáil agus caiteachas poiblí sna ranna Rialtais á laghdú.

Ba é an dúshlán ba mhó a bhí roimh an Bhord le linn 2003, chomh maith le réimsí eile den tseirbhís phoiblí, ná leibhéal na seirbhíse a cuireadh ar fáil a uasmhéadú, ag



glacadh leis go raibh buiséad níos lú ann. Tuigean an Bord a thábhachtaí is atá sé na cliaint atá aige anois agus na cliaint a d'fhéadfadh a bheith aige amach anseo a chosaint, agus leanann sé de iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go gcothaítear an tseirbhís bhunúsach chomh fada agus is féidir. De bharr gur tugadh buiséad laghdaithe don Bhord i 2003, agus de bharr leibhéal an mhaoinithe a moladh do 2004, b'éigean maolú a chur ar mhéid na dteastas um chúnamh dlí do chásanna sa Chúirt Chuarda, ar úsáid na gcleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Dúiche, ar líon na foirne a fostaíodh, agus b'éigean gan daoine a fhostú in áit mhórán den fhoireann a bhain leas as saoire mháithreachais agus socrúithe saoire eile. Níor chuir na socrúithe seo an Bord ó phlé le cásanna tábhachtacha, áfach, de réir mar a theastaigh é a dhéanamh.

Is eol don Bhord gurb é an tionchar a bhí ar a ndearna sé chun feidhmiú laistigh den dáileadh buiséadach ná líon na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla dóibh a laghdú, agus an am feithimh ar fud líonra na n-ionad dlí a mhéadú. Tá sé d'iallach ar an mBord, áfach, faoi mhír 5 den Acht um Chúnamh Dlí Sibhialta, 1995, feidhmiú laistigh dá acmhainní, agus is é an toradh atá air sin ná go gcuirtear seirbhís níos teoranta ar fáil faoi láthair do dhaoine atá incháilithe do chúnamh dlí. Tá an Bord ag iarraidh dul i ngleic leis na deacrachtaí cistithe ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos tá sé ag ullmhú aighneacht mhionsonraithe don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun tuilleadh cistithe a fháil do na blianta 2004 agus 2005, le go mbeidh sé in ann feidhmiú

go hiomlán agus úsáid a n-acmhainní daonna a uasmhéadú. Ina theannta sin tá sé páirteach i gcainteanna leis na comharchumainn chun éifeachtúlacht na n-acmhainní a dháiltear ar na seirbhísí cúnamh dlí. Tá machnamh á dhéanamh faoi láthair ar aturnaetha a úsáid níos mó agus ar roghanna eile maidir le freastal ar riachtanais cliant, ach go háirithe i limistéar an dlí teaghlaigh.

Rud níos spreagúla, tá áthas orm a rá, is ea go dtaitníonn an timpeallacht nua leis an bhfoireann. Go háirithe, cuireann an Córas chun Feidhmíocht a Bhainistiú agus a Fhorbairt ar chumas na foirne páirt níos láidre a bheith acu i dtaca le cén chaoi a ndéantar a láthair oibre a bhainistiú agus cén chaoi a leagtar amach cuspóirí agus a gcuirtear i bhfeidhm iad, laistigh de chreatlach iomlánach an phlean gnó dá limistéir oibre. Ina theannta sin, tá an Bord sásta go bhfuil a chlár nuachóirithe agus athraithe ag dul chun cinn, faoin gclár náisiúnta is déanaí, agus go dtiocfaidh feabhsúcháin eile as seo ó thaobh éifeachtúlachta de.

Tá an Bord agus é féin tiomanta go hiomlán maidir le thabhairt faoi na dúshláin atá amach romhainn agus táimid ag súil go leanfaimid muid ar aghaidh ag obair le lucht bainistíochta agus foireann an Bhoird chun dul i ngleic leis na dúshláin seo.

**Anne Colley**  
**Cathaoirleach**  
**Iúil, 2004**

## FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN NA CEANNOIFIGE

<b>Príomhfheidhmeannach :</b>	Frank Goodman
<b>Stiúrthóir Cúnamh Dlí :</b>	Frank Brady
<b>Stiúrthóir Acmhainní Daonna :</b>	Pat Fitzsimons
<b>Stiúrthóir Oibriúcháin :</b>	Dara Mullally
<b>Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe :</b>	Feargal Ó Brolcháin
<b>Rialaitheoir Airgeadais :</b>	Joan Enright
<b>Rúnaí an Bhoird :</b>	Clare Kelly
<b>Iniúcháirí :</b>	An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
<b>Aturnaetha :</b>	Mason, Hayes agus Curran
<b>Ceannoifig :</b>	Sráid na Cé, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí. Guthán: 066 947 1000 LoCall: 1890 615 200 Faics : 066 947 1035
<b>Ceannoifig Bhaile Átha Cliath :</b>	7-11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01 477 6200 Faics: 01 476 0267
<b>Láithreán gréasáin :</b>	<a href="http://www.legalaidboard.ie">www.legalaidboard.ie</a>

## AN BORD



**Anne Colley**  
Cathaoirleach



**Caoimhín Ó hUiginn**  
Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt,  
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí



**Catherine Hazlett**  
Príomhoifigeach, An Roinn Gnóthaí Sóisialta  
agus Teaghlaigh



**Lucille Fahy**  
Ionadaí foirne, Aturnae, Ionad Dlí  
Shráid Gardiner



**Una Doyle O'Sullivan**  
Aturnae:



**Brendan T. Looby**  
Aturnae:



**David Barniville**  
Abhcóide



**Tony McCarthy**  
Gnólacht miondiola



**Frank Goodman**  
Príomhfheidhmeannach




**Ann Nolan**  
Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais



**Catherine Egan**  
Abhcóide



**Noirín Slattery**  
Riarthóir



**Clare Pilkington**  
Ionadaí Foirne, Ceannoifig Chathair Saidhbhin

## FEIDHMEANNA AN BHOIRD

Leagann amach an tAcht um Chúnamh Dlí Sibhialta, 1995, a dhéanann foráil maidir le bunú an Bhoird um Chúnamh Dlí, feidhmeanna an Bhoird i Mír 5 den Acht, mar seo a leanas:

- "(1) *Is í príomhfheidhm an Bhoird cúnadh agus comhairle dlí a chur ar fáil, laistigh d'acmhainní and Bhoird agus ag teacht le forálacha eile san Acht seo, do dhaoine a chomhlíonann coinníolacha an Acha seo.*
- (2) *Déanfaidh an Bord eolas a scaipeadh mar is cuí ar leas na ndaoine a bhfuil a seirbhísí ar fáil dóibh faoi na seirbhísí sin agus an teacht atá orthu.*

Ligeann an tAcht seo do chomhairle agus cúnadh dlí a sholáthar i gcásanna sibhialta do dhaoine a chomhlíonann na tástálacha maidir le hincháilíocht airgeadais agus luaíochta, mar a leagtar síos iad san Acht agus sna Rialacháin. Tá cúnadh dlí ar fáil i gcomhair ionadaíochta maidir le himeachtaí sna Cúirteanna Dúiche, Chuarda, san Ard Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach, agus i gcás imeachtaí sa Chúirt Eorpach Bhreithiúnais. Níl cúnadh dlí ar fáil i gcás imeachtaí os comhair bhinse riaracháin, ach amháin i gcás achomarc i gcoinne diúltú stádais mar dhídeánaí. Is féidir, áfach, comhairle agus cuidiú dlí a thabhairt do dhaoine páirteach in imeachtaí os comhair bhinse ar bith.

Is í feidhm an Bhoird um Chúnamh Dlí seirbhísí aturnaetha, agus abhcóidí más gá sin, a chur ar fáil do dhaoine incháilithe. Don chuid is mó, is iad aturnaetha sna hionaid dlí, agus iad fostaithe go hiomlán ag an mBord, a chuireann cúnadh agus comhairle dlí ar fáil. Tá ionaid dlí de chuid an Bhoird scaipthe ar fud na tíre, le 30 ionad lánaimseartha agus 12 ionad páirtaimseartha. Cuirtear seirbhísí abhcóidí ar fáil de réir théarmaí an chomhaonaithe idir Comhairle Ghinearálta an Bharra in Éirinn agus an Bord.

Úsáideann an Bord aturnaetha príobháideacha chun seirbhís dlí a sholáthar sa bhreis ar an tseirbhís a chuireann na hionaid dlí ar fáil, i gcás ábhar áirithe bainteach le dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche, lena n-áirítear foréigean sa teaghlach, cothabáil agus caomhnadh/saorchead ar pháistí. Cuidíonn seo leis an mBord agus é ag iarraidh seirbhís a thabhairt d'iarrrthóirí taobh istigh d'achar réasúnta.

Tá seirbhís ar leith ag an mBord, a tugtar an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD) uirthi, chun comhairle agus cuidiú dlíthiúil a thabhairt d'iarrrthóirí tearmainn ag gach céim de phróiseas an tearmainn, agus áirítear leis seo ionadaíocht ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Leanann an Bord ar aghaidh le hlonad Doiciméadaithe Dídeanaithe a bhainistiú, a chuireann seirbhís neamhspleách taighde agus leabharlainne ar fáil do na comhlachtaí uile atá páirteach i bpróiseas an tearmainn.

Agus é ag comhlíonadh na feidhme atá aige i dtaca le heolas a sholáthar, tá roinnt bileoga faoina sheirbhísí, agus faoi leigheasanna maidir le dlí teaghlaigh agus ábhair bainteach le dídeanaithe foilsithe ag an mBord. Tá eolas ginearálta ar réimse ábhar sna bileoga, mar a n-áirítear i Aguisín 6, agus iad scríofa go soiléir sothuigte. Tá na bileoga ar fáil in ionaid dlí an Bhoird agus sna hionaid Chomhairle Saoránacha ar fud na tíre. Tá an t-eolas seo ar fad ar láithreán Gréasáin an Bhoird, [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie).

Is é Ciste an Chúnamh Dlí a íocann as aon chaiteachas atá ag an mBord i ngeall ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil. Is éard atá sa Chiste seo ná maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chomh maith le íocaíochtaí ó na daoine a fuair cúnadh, agus ioncam eile, ar a n-áirítear maoiniú ar leith ón Oireachtas don SDD.



## RIALÚ CORPORÁIDEACH

I 2003 chloígh an Bord arís le caighdeán an rialaithe chorparáidigh atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Mar a léirítear ina Thuairisc do 2002, chuir an Bord tús le clár gníomhaíochtaí i 2002, le go mbeadh sé in ann an Cód a chomhlíonadh i 2003. Tá áthas ar an mBord a chur in iúl go bhfuil éirithe leis an gcuispóir seo. Déanann an chuid eile den mhír seo den Tuairisc dearcadh an Bhoird i leith rialaithe chorparáidigh a leagan amach. Ó thosaigh seo i 2002, tá tús curtha le réimse forbairtí, ar a n-áirítear:

- gníomhú chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir rólanna agus freagrachtaí an Bhoird, an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh;
- an Tuairisc Bhliantúil a thabhairt chun dáta de réir coinníollacha an Chóid;
- coiste iniúchta agus feidhm inmheánach iniúchta a bhunú; agus
- cód iompair a chur i bhfeidhm do bhaill an Bhoird, lena n-áirítear nósanna imeachta chun plé le hábhair ina bhféadfadh trasnáil leasa a bheith i gceist.

### An Bord um Chúnamh Dlí

Tagann an Bord le chéile ar bhonn míosúil (ach amháin i mí Lúnasa) chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Tá ról soiléir ag baill an Bhoird, agus tá siad freagrach as, i measc rudáí eile,

- treoir straitéiseach na heagraíochta;
- ceapadh beartais agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm;
- bainistíocht chúil agus éifeachtach na heagraíochta a mhaoirsiú;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta airgeadais, agus cuntasacht a chur ar fáil;
- buiséid a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu; agus
- cinntí forchoimeáda áirithe a dhéanamh, mar shampla, éadálacha tábhachtacha, nó diúscairt sócmhainní.

Cé gurb é an Bord a cheadaíonn nó a fhorbraíonn beartas, is iad na príomhfhóiraim inmheánacha a chuireann le ceapadh an bheartais ná:

- foireann bainistíochta agus aturnaetha bainis teoireacha na ceannoifige;
- Grúpa Stiúrtha ar Bhainistíocht Straitéiseach; agus
- Coise na Comhpháirtíochta.

### Coistí

Baineann an Bord leas as seacht gcoistí chun a chuspóirí a bhaint amach agus chun a fhreagrachtaí chur i ngníomh go héifeachtach. Is iad seo na coistí Achomhairc agus Deimhnithe (a bhfuil bonn reachtúil ag an dá cheann acu), na coistí Airgeadais, Iniúchta, Aturnaetha, Acmhainní Daonna agus Feidhmíochta. Tugann na paragraif seo a leanas forbheathnú gairid ar ról na gcoistí.

#### Coistí achomhairc agus deimhnithe

Coiste reachtúil de bhaill an Bhoird is ea coiste achomhairc, a bhfuil foráil do faoi Riail 12 (3) de Rialacháin an Chúnamh Dlí Sibhialta, 1996. Tagann coiste le chéile gach mí (de réir mar a theastaíonn) chun measúnú a dhéanamh ar achomhairc de chuid iarrthóirí ar chúnamh dlí go ndéanfaí cinntí déanta ag baill údaraithe den fhoireann seirbhísí dlí i gcásanna áirithe a dhiúltú a fhreaschur. Faoi riail 12 (5), is féidir le coiste a leithéid de chinntí a dhearbhu, a fhreaschur nó a athrú.

Cé go ndéantar freagracht as cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh dlí a tharmligean ar bhaill údaraithe den fhoireann, de réir na Rialachán, tá sé de chead ag coiste deimhnithe de bhaill an Bhoird a leithéid de chinntí a dhéanamh. Ní raibh aon chruinnithe de choiste deimhnithe i 2003.

#### An Coiste Aturnaetha

Is é an ról atá ag an gCoiste Aturnaetha ábhair dlí a phlé maidir le seirbhísí dlí a chur ar fáil, lena n-áirítear an tAcht agus na Rialacháin a léirmhíniú. Déanann an Coiste, a bhfuil baill den Bhord ar aturnaetha iad air, moltaí ón nGrúpa Oibre ar Nósanna Imeachta Gairmiúla a mheas, chomh maith le tuairiscí ar ionaid dlí ullmhaithe ag bainistíocht an Bhoird a mheas. Measann an Coiste seo na hábhair seo go chun le go mbeidh sé in ann moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht. Is é an Bord nó an bhainistíocht a dhéanann na cinntí, de réir mar is cuí, agus ag cur moltaí agus comhairle na Choiste san áireamh.



### An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais airgeadas an Bhoird a mheas go mion agus na hábhair seo a thuairisciú don bhord. Áirítear leis seo buiséid agus tuairiscí airgeadais a athbhreithniú, cuntais bhliantúla an Bhoird a cheadúnú, agus measúnú mion ar ábhair airgeadais i dtaca le moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht. Is é an Bord nó an bhainistíocht a dhéanann na cinntí, de réir mar is cuí, agus ag cur moltaí agus comhairle an Choiste san áireamh. Ina theannta sin, bhí an Coiste freagrach as comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit a mhaoirsiú. Aistríodh an fhreagracht seo chuig an gCoiste Iniúchta i 2004.

### An Coiste Iniúchta

Déanann an Coiste Iniúchta comhairle a thabhairt agus maoirsiú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le

- (i) feidhmiú agus forbairt an iniúchta inmheánaigh;
- (ii) timpeallacht an rialaithe ghnó agus na bainistíochta priacail agus (iii) an gaol le h-iniúchadh seachtrach. Tugann an Coiste comhairle agus moltaí ar ábhair bainteach leis an iniúchadh inmheánach laistigh den Bhord. I measc na ndualgas atá ag an mBord áirítear an phlean bliantúil don iniúchadh a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean i rith na bliana. Measann an Coiste torthaí tábhachtacha agus moltaí an iniúchta inmheánaigh agus déanann monatóireacht ar a bhfuil déanta ag an mbainistíocht chun aon fhadhbanna a tháinig chun solais a réiteach. Ina theannta sin, déanann an Coiste teagmháil leis an mBord, an bPríomhfheidhmeannach agus an mbainistíocht shinsearach, de réir mar is cuí, maidir le haon easnamh i dtimpeallachtaí an rialaithe ghnó agus/nó na bainistíochta priacail a ndírítear aird an Choiste Iniúchta orthu nó a dhéanann imní dóibh. Caitheann an Coise súil ar na tuairiscí tábhachtach go léir a fhaigheann an Bord ó na h-iniúcháirí seachtracha, ar fhreagraí na foirne bainistíochta orthu seo, agus déanann machnamh ar impleachtaí na saincheisteanna a ardaítear. I 2003, fuair an Coiste tuairisc an aonaid iniúchta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Dúirt an tuairisc "...go raibh an rialú inmheánach thar a bheith sásúil... agus go bhfuil rian iniúchta sásúil sna limistéir ar fad a scrúdaíodh sa Bhord um Chúnamh Dlí." Ní mór don Choiste tuairisc fhoirmiúil a chur i gcrích laistigh de thrí mhí i ndiaidh deireadh na bliana féilire, ag léiriú a ghníomhaíochtaí, maraon le haon chomhairle nó moltaí cuí. Cuireadh an tuairisc do 2003 faoi bhráid an Bhoird

ar 12 Márta, 2004, agus tá an clár do 2004 ullamh. Coiste na nAcmhainní Daonna Déanann Coiste na nAcmhainní Daonna saincheisteanna a mheas a bhfuil tionchar acu ar acmhainní daonna laistigh den Bhord. Pléann an Coiste seo le hábhair a bhaineann le hacmhainní daonna, cosúil le beartas an Bhoird i dtaobh folúntais a líonadh, le go mbeidh sé in ann moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht. Is é an Bord nó an bhainistíocht a dhéanann na cinntí, de réir mar is cuí, agus ag cur moltaí agus comhairle na Choiste san áireamh.

### An Coiste Feidhmíochta

Déanann an Coiste seo feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh a mheas, agus déanann moltaí faoina phá bainteach le feidhmíocht.

## NA CÁSANNA AR PLÉADH LEO I 2003

Ba é 19,500 méid iomlán na gcásanna inar chuir an Bord seirbhísí dlí ar fáil i 2003 trí ionaid dlí, an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe agus scéimeanna na gcleachtóirí príobháideacha, i gcomparáid le thá 21,300 i 2002. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur lú an líon daoine atá ag fáil seirbhísí, óir is féidir le duine amháin seirbhísí dlí a fháil a bhaineann le dhá ábhar nó níos mó in aon bhliain amháin. Mar shampla, is féidir le duine a fhaigheann seirbhís dlíthiúil sa Chúirt Dúiche cúnaimh dlí a fháil do imeachtaí eile cúirte níos déanaí sa bhliain chéanna.

Pléann an chuid seo den Tuarscáil leis na seirbhísí curtha ar fáil sna hionaid dlí. Tugtar tráchttaireacht bainteach leis na limistéir eile soláthair seirbhíse faoi na ceannteidil éagsúla sna codanna níos faide ar aghaidh sa Tuairisc seo.

### Ionaid dlí

Ba é beagán thar 12,900 méid iomlán na gcásanna inar chuir an Bord seirbhísí dlí ar fáil i 2003, i gcomparáid le 13,600 i 2002. Tugadh cúnaimh dlí i 3,565 cás i 2003, cé go bhfuair 3,719 cás cúnaimh dlí i 2002.

Tugtar an t-eolas staitistiúil ar chásanna ina raibh seirbhísí dlí curtha ar fáil i 2003 sna táblaí thíos, maraon le tráchttaireacht ar anailís na n-ualach oibre in ionaid dlí. Le comparáid leis na blianta roimhe seo a éascú, léirítear eolas staitistiúil in Aguisín 2 sa chaoi chéanna agus a léiríodh é sna blianta sin. In Aguisín 3 atá an t-eolas a ligeann comparáid a dhéanamh idir 2002 agus na figiúirí do na blianta eile a léirítear sa chuid eile den mhír seo den Tuairisc

**Tábla 1: Líon na gcásanna a fuair cúnaimh dlí i 2003**

Imeachtaí cúirte	Comhairle amháin	Iomlán
9,439	3,504	12,943

Is féidir a thuiscint ó na figiúirí seo go raibh dlíthíocht i gceist i mbeagnach 75% de na cásanna inar chuir an Bord seirbhísí dlíthiúla ar fáil trí ionaid dlí. Seasann an figiúr do chomhairle dlíthiúil do mhéid na gcásanna inar tugadh comhairle dlíthiúil amháin i rith 2004. Tabharfar cúnaimh

dlí do mhéid áirithe de na daoine seo i 2004 agus léireofar seo sna staitisticí don bhliain sin. Beidh roinnt cliantm an a fuair ionadaíocht cúirte in ábhair bainteacha i 2002 agus níos luaithe, agus gur tugadh comhairle dlíthiúil dóibh i 2003 maidir le, mar shampla, hábhair tíolacais i ndiaidh dlíthíochta.

Is féidir a fheiceáil i dTábla 4 (b) thíos gur tharla 2,700 de na 9,439 cás, beagnach an tríú chuid díobh, mar thoradh ar chásanna a fuair cúnaimh dlí den chéad uair i 2003.

Is é cuspóir Táblaí 2 agus 3 forbheathnú a thabhairt de na catagóirí leathana de chásanna inar tugadh seirbhísí dlíthiúla i 2003.

**Tábla 2: na himeachtaí inar tugadh seirbhísí dlíthiúla i 2003**

Ábhar	Cúirt Dúiche	Cúirt Chuarda	Ard Chúirt agus Cúirt Uachtarach	Iomlán
Colscaradh/scaradh/neamhniú	0	6,125	0	6,125
Cúram leanaí	499	0	0	499
Ábhair dlí theaghlaigh eile	1,941	0	0	1,941
Ábhair dlí shibhialta eile	61	512	301	774
<b>Iomlán</b>	<b>2,501</b>	<b>6,637</b>	<b>301</b>	<b>9,439</b>

**Tábla 3 catagóirí na gcásanna inar tugadh cúnamh dlí i 2003**

Ábhar	Iomlán
Dlí teaghlaigh	2,305
Tíolacas	478
Ábhair dlí shibhialta eile	721
<b>Iomlán</b>	<b>3,504</b>

Tugann na figiúirí chun suntais go mbaineann thar 90% de na seirbhísí dlíthíochta a chuirtear ar fáil leis an dlí teaghlaigh. Maidir le comhairle dlíthiúil, id féidir na figiúirí do dlí teaghlaigh agus na figiúirí do thíolacas a chur le chéile, rud a thugann 2,800 mar iomlán, nó 80%, óir ní thagann seirbhísí tíolacais anuas ach i diaidh seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil do ábhair a bhaineann le dlí teaghlaigh.

Taispeánann Táblaí 4 (a) agus (b) próifíl aoise cásanna inar cuireadh seirbhísí cúnamh dlí ar fáil, de réir cúirte agus ábhair, san ord sin.

**Tábla 4(a): Próifíl aoise cásanna, de réir cúirte**

Cúirt	An Bhliain inar osclaíodh an cás				
	2003	2002	2001	roimh 2001	Iomlán
Cúirt Dúichet	1,179	772	265	206	2,422
Cúirt Chuarda	1,468	2,163	1,317	1,768	6,716
Ard Cúirt/Cúirt Uachtarach	86	77	46	92	301
<b>Iomlán</b>	<b>2,733</b>	<b>3,012</b>	<b>1,628</b>	<b>2,066</b>	<b>9,439</b>

**Tábla 4(b): Próifíl aoise cásanna, de réir ábhair**

Ábhar	An Bhliain inar osclaíodh an cás				
	2003	2002	2001	roimh 2001	Iomlán
Colscaradh/scaradh breithiúnach/neamhniú	1,236	1,989	1,233	1,667	6,125
Cúram leanaí	190	169	78	62	499
Ábhair dlí theaghlaigh eile	1,049	582	178	132	1,941
Ábhair dlí shibhialta eile	258	272	139	205	874
<b>Iomlán</b>	<b>2,733</b>	<b>3,012</b>	<b>1,628</b>	<b>2,066</b>	<b>9,439</b>

Is féidir a fheiceáil ó na táblaí thuas go raibh beagnach 30% de na cásanna inar chuir ionaid dlí cúnamh dlí i gcomhair ionadaíocht cúirte i rith 2003 níos sine na dhá bhliain. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le beagnach thar 20% i 2002. Táthar ag scrúdú an mhéadaithe seo féachaint cén cúiseanna atá leis an méadú. Léiríonn Tábla 7 thíos próifíl aoise do na cásanna atá idir lámha fós ag deireadh na Nollag, 2003.

Léiríonn Táblaí 5 –7 líon na gcásanna a tugadh chun críche i rith na bliana, chomh maith leis na cásanna gníomhacha idir lámha ar an 31ú Nollaig; leanann anailís a thagraíonn don bhliain inar tosaíodh na seirbhísí.

**Tábla 5 (a) Forbhreathnú cásanna críochnaithe i 2003 agus fós idir lámha ag deireadh na bliana**

	Críochnaithe	Fós gníomhach 31ú Nollaig	Iomlán
Cúnamh	3,725	5,714	9,439
Comhairle	1,587	1,917	3,504
<b>Iomlán</b>	<b>5,312</b>	<b>7,631</b>	<b>12,943</b>

**Tábla 5 (b): Próifil aoise cásanna a fuair cúnamh dlí i rith 2003, de réir ábhair**

Ábhar	2003	2002	2001	roimh 2001	Total
Colscaradh/scaradh breithiúnach/neamhniú	204	677	483	670	2,034
Cúram leanaí	57	83	33	26	199
Ábhair dlí theaghlaigh eile	556	417	117	69	1,159
Ábhair dlí shibhialta eile	86	120	59	68	333
<b>Iomlán</b>	<b>903</b>	<b>1,297</b>	<b>692</b>	<b>833</b>	<b>3,725</b>

**Tábla 6(a) Achoimre ar chásanna gníomhacha ar 31ú Nollaig, 2003**

Imeachtaí cuirte	Comhairle dlíthiúil	Iomlán
5,714	1,917	7,631

**Tábla 6(b): Anailís ar stádas reatha cásanna ina bhfuil imeachtaí cuirte i gceist idir lámha ar 31ú Nollaig, 2003**

Stádas reatha	2003	2002
Teastas cúnamh dlí eisithe	373	635
Mionteagasc tugtha do abhcóide	705	830
Imeachtaí eisithe	1,525	1,540
Sa cúirt (ar an dáta sannaithe nó ag an éisteacht)	1,364	1,320
Oird chúirte déanta ach gan iad a bheith comhlánaithe	1,747	1,880
<b>Iomlán</b>	<b>5,714</b>	<b>6,205</b>

Seo anailís ar stádas na gcásanna idir lámha ag deireadh na bliana, ag tagairt do chéimeanna tábhachtacha áirithe sa phróiseas ina gcuirtear cúnaimh dlí ar fáil.

**Tábla 6(c) Anailís ar chásanna a bhfuil comhairle dlí acu agus iad idir lámha ar 31 ú Nollaig, 2003, de réir ábhair**

Ábhar	2003	2002
Dlí teaghlaigh	1,283	1,325
Tíolacas	270	250
Ábhair shibhialta eile	349	330
<b>Iomlán</b>	<b>1,902</b>	<b>1,905</b>

**Tábla 7: Profil aoise cásanna idir lámha ar 31 ú Nollaig, 2003, de réir a stádais reatha**

Stádas reatha	2003	2002	2001	roimh 2001	Iomlán
Teastas cúnaimh dlí eisithe	207	100	38	28	<b>373</b>
Mionteagasc tugtha do abhcóide	317	214	72	102	<b>705</b>
Imeachtaí eisithe	461	521	277	166	<b>1,525</b>
Sa cúirt (ar an dáta sannaithe nó ag an éisteacht)	497	420	214	233	<b>1,364</b>
Oird chúirte déanta ach gan iad a bheith comhlánaithe	334	469	350	594	<b>1,747</b>
<b>Cúnaimh dlí Iomlán</b>	<b>1,816</b>	<b>1,724</b>	<b>951</b>	<b>1,223</b>	<b>5,714</b>
Comhairle amháin	1,113	408	152	244	<b>1,917</b>
<b>Iomlán</b>	<b>2,929</b>	<b>2,132</b>	<b>1,103</b>	<b>1,467</b>	<b>7,631</b>

## ÉILEAMH AR SHEIRBHÍSÍ DLÍ SNA hIONAID DLÍ

Mar a léiríodh cheana, is iad aturnaetha fostaithe go lánaimseartha ag an mBord don chuid is mó a chuireann seirbhísí dlí ar fáil, agus faigheann siad cúnamh ó fhoireann phara-dhlíthiúil agus riaracháin.

### Seirbhís tosaíochta

Úsáideann an Bord nós imeachta a thugann tosaíocht do chásanna áirithe, mar sampla cásanna a bhaineann le foréigean sa teaghlach, cúram leanaí, fuadrach leanaí agus cásanna eile ina bhfuil teorainn ama. Pléitear leis na cásanna seo láithreach. Tá a leithéid de chóras le haghaidh tosaíochtaí riachtanach le cinntiú, mar shampla, go dtugtar seirbhís tráthúil do dhaoine a fhulaingíonn foréigean sa teaghlach, agus do chásanna a bhaineann le cúram leanaí. Is gá an tseirbhís seo a sholáthar, óir tarlaíonn sé gur mó an t-éileamh ar sheirbhísí dlíthiúla ná cumas an Bhoird freastal ar an éileamh sin go tráthúil. Tá sé de dhiscréid ag aturnaetha bainistíochta seirbhís tosaíochta a sholáthar nuair is cuí dar leo go dtabharfaí tosaíocht ar leith do iarrthóir áirithe, agus cúinsí an cháis chomh maith leis na hiarratais eile ar an liosta feithimh á cur san áireamh. I 2003 ba é 24% de na coinní ar fad a tairiscíodh do chliaint nua i rith na bliana, an méid iomlán de choinní tosaíochta a thairg ionaid dlí.

### Leibhéal an éilimh ar sheirbhísí dlíthiúla

Mhéadaigh líon na ndaoine atá ag feitheamh le seirbhís ó 1,800 i mí na Nollag, 2003 go beagnach 3,500 ag deireadh mhí na Nollag, 2003. Tarlaíonn seo go príomha de bharr an éilimh ar sheirbhísí dlíthiúla a bheith méadaithe ó 9,000 i 2002 go beagán faoi 10,500 i 2003, agus de bharr nach bhfuil an Bord in ann ionadaíocht a sholáthar sa Chúirt Chuarda i gcásanna a bhaineann le colscaradh agus scaradh breithiúnach sa cheathrú deiridh de 2003, mar thoradh ar shríonadh airgeadais. Pléitear an t-ábhar seo sa mhír den Tuairisc seo leis an teideal Maoiniú do líonra na n-ionad dlí agus a thionchar ar leibhéal na seirbhíse curtha ar fáil ag an mBord.



Léiríonn an tábla seo a leanas na h-amanna feithimh don chéad choinne le haturnae, agus taispeánann sé an t-am is faide go raibh ar duine feitheamh ar an lá deiridh de mhí

na Nollag sna trí bliana a chuaigh thart.

**Tábla 8: Am feithimh le haghaidh coinne le h-aturnae**

Ionad dlí	Nollaig 2001 Mionna	Nollaig 2002 Mionna	Nollaig 2003 Mionna
An Cabhán	1	0	1
An Clár	4	7	12
Cé an Phápa, Corcaigh	2	6	14
An Mala Theas, Corcaigh	6	6	9
Dún na nGall	3	6	8
Baile Átha Cliath			
Baile Bhlainséir	9	0	6
Sráid Brunswick	5	6	16
Cluain Dolcáin	3	1	4
Fionnghlas	4	4	11
Sráid Gardiner	8	3	9
Cé Urumhan	3	8	6
Tamhlacht	3	5	7
Gaillimh	3	3	10
Ciarraí	6	3	6
Cill Dara	2	4	8
Cill Chainnigh	4	6	11
Laois	3	5	13
Luimneach	1	4	4
Longphort	0	2	0
An Lú	3	4	5
Maigh Eo	1	3	2
An Mhí	3	7	12
Muineachán	0	2	5
Uíbh Fhailí	3	3	2
Sligeach	3	1	5
Tiobrad Árann	3	9	4
Port Láirge	1	1	5
An tIarmhí	2	3	1
Loch Garman	6	2	4
Cill Mhantáin	4	9	10

Bíonn an tréimhse feithimh don chéad choinne le haturnae ag athrú de shíor agus bíonn an Bord dá coinneáil i gcónaí faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú. D'fhéadfadh an tréimhse feithimh athrú mar thoradh ar mhéadú éilimh in ionad áirithe, mar shampla, nó de bharr foireann a bheith as láthair nó i ngeall ar fholúntais.

Léiríonn an tábla thuas de na hamanna feithimh le trí bliana anuas go h-an soiléir gur tharla méadú mór orthu le bliain anuas. Tharla méadú ar amanna feithimh ach go háirithe i 2003 i fiche trí ionad dlí; laghdaíodh na hamanna

feithimh i sé h-ionad; ní raibh aon athrú in ionad amháin. Léiríonn na figiúirí comparáideacha do 2002 go raibh méadú in ocht n-ionad déag; gur tharla laghdú i seacht n-ionad; agus nach raibh aon athrú i gcás cúig ionad. Taispeánann an fhorbairt seo na deacrachtaí a gcaitheann an Bord plé leo mar thoradh ar na deacrachtaí maoinithe i 2003 agus suas go 2004. Ag an am céanna tá líon na ndaoine ar an liosta feithimh don chéad choinne ag méadú.

## ÚSÁID CHLEACHTÓIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA

Tugann an tAcht um Chúnadh Dlí Sibhialta, 1995, de chumhacht don Bhord painéal aturnaetha i gcleachtas príobháideach a bhunú d'fhonn cúnadh agus comhairle dlíthiúil a chur a fáil. Úsáidtear cleachtóirí príobháideacha chun teacht ar sheirbhísí cúnadh dhlí a fheabhsú i gcúinsí nuair nach féidir le hionad dlí seirbhís tráthúil a chur ar fáil.

Cuidíonn scéim na gcleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Dúiche leis an mBord ina iarrachtaí chun seirbhís a sholáthar d'iarrthóirí laistigh de achar réasúnta. Cuireann an scéim seo seirbhís dlí ar fáil sa bhreis ar an tseirbhís a thugann na hionaid dlí i dtaca le hábhair áirithe dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche. Baintear feidhm as cleachtóirí príobháideacha nuair atá áiteanna iargúlta i gceist, nó i gcás trasnála leasa, agus chomh maith leis sin i gcásanna nuair is gá iad a úsáid de bharr chúinsí an ionaid dlí. Feidhmíonn scéim na gcleachtóirí príobháideacha ar bhonn náisiúnta, ag glacadh leis go bhfuil aturnaetha ar phainéal na gcleachtóirí príobháideacha ar fáil. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, téann iarrthóirí i dteagmháil le hionaid dlí mar is iondúil, agus socraíonn aturnaetha bainistíochta cé acu an cleachtóir príobháideach nó an t-ionad dlí féin a bheidh ag plé leis an gcás. Agus é ag socrú ar chóir an cas a thabhairt do chleachtóir príobháideach, cuireann an t-urnaeb bainistíochta san áireamh dualgas an Bhoird seirbhís cúnadh dhlí a chur ar fáil don oiread iarrthóirí agus is féidir. Tá sé de rogha ag iarrthóirí dul chuig cleachtóir príobháideach a roghaíonn siad ó phainéal na gcleachtóirí príobháideacha, nó a n-ainmneacha a chur ar an liosta feithimh ag an ionad dlí.

Tá an tionscadal trialach maidir le húsáid cleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Chuarda, a bhí á úsáid i 2001/2002, á athbhreithniú agus táthar ag súil go gcuirfear tuairisc ar éifeachtacht an tionscadail chun críche i 2004.

De bharr leibhéal an mhaoinithe a bhí ar fáil don Bhord i 2003, bhí ar an mBord scóp scéim na gcleachtóirí príobháideacha a mhaolú sa Chúirt Dúiche ó mhí Feabhra i leith. Rinneadh é seo go príomha tríd an scéim a theorannú do chásanna ina raibh foréigean teaghlaigh i gceist. Bhí ar ionaid dlí níos mó cásanna de chuid na Cúirte Dúiche a láimhseáil, agus gan iad a chur ar aghaidh chuig cleachtóirí príobháideacha de bharr an cinneadh a rinneadh go deireanach i 2003 chun stop a chur le scéim

na gcleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Dúiche agus méid na dteastas eisithe do chásanna de chuid na Cúirte Chuarda a laghdú.

Is féidir toradh na gcinntí seo faoin méid teastas a eisítear a shonrú ar an laghdú ar líon na gcásanna a chuirtear ar aghaidh chuig cleachtóirí príobháideacha ó 1,600 i 2002 go 900 i 2003. Ag an am céanna, mhéadaigh líon na gcásanna de chuid na Cúirte Dúiche ar pléadh leo in ionaid dlí ó 1,400 go beagnach 1,800.

## MAOINIÚ DO LÍONRA NA nIONAD DLÍ AGUS A THION- CHAR AR LEIBHÉAL NA SEIRBHÍSE CURTHA AR FÁIL AG AN MBORD

Laghdaíodh an deontas i gcabhair ón leithdháileadh bunaidh arbh é €17.636 milliún i 2002 go €17.539 milliún i 2003. Ba é €18.389 milliún an leithdháileadh iarbhir deiridh i 2003, a bhfuil maoiniú breise €850,000 chun costais an Bhoird a íoc san áireamh; istigh anseo tá na costais a tharraing an Bord air féin maidir leis an tion-scadal trialach i dtaobh úsáid cleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Chuarda i 2001/2002. Cuireadh in iúl don Bhord i rith 2003 gurbh é €18.889 milliún an maoiniú a bheadh ar fáil do 2004. Bhí impleachtaí ag an leibhéal maoinithe seo ó thaobh leibhéal na seirbhísí a chuirfí ar fáil go deireanach i 2003 agus leis an tseirbhís a bhí pleanáilte do 2004.

### Maoiniú i 2003

Ionas go mbeadh sé in ann feidhmiú laistigh de leibhéal an mhaoinithe soláthraithe do 2003, rinne an Bord aon limistéar discrétideach caiteachais a laghdú nó a dhíbirt nuair ab fhéidir é sin a dheánamh. Agus é sin á dhéanamh, ba é an tosaíocht a bhí an mBord ná an leibhéal seirbhíse soláthraithe don phobal a chothabháil chomh fada agus ab fhéidir. Mar sin, is beag fonn a bhí ar na mBord nuair a bhí air úsáid cleachtóirí príobháideacha a laghdú sa Chúirt Dúiche i Feabhra 2003, agus nuair a chinn sé chomh maith go raibh air roinnt folúntas a ligean gan líonadh in ionaid dlí, le go mbeadh sé in ann fanacht

laistigh den leithdháileadh buiséadach. Ba é tionchar an dá chinneadh seo ná leibhéal na seirbhíse don phobal a laghdú agus cur go díreach le méadú sna hamanna feithimh, agus i líon na n-iarrthóirí ag lorg seirbhíse i mórán ionad dlí.

Ba i gcomhthéacs na gcinntí sin a chuir an Bord moladh maoinithe ar leith faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir lena riachtanais airgid do 2004. Ba é cur chuige an mholta sin iarracht a dheánamh a chur ar chumas an Bhoird an t-éileamh ar sheirbhísí dlíthiúla a shásamh laistigh de achar réasúnta ama. Mheas an Bord go raibh sé réasúnta go soláthrófaí seirbhísí do dhaoine a bhí ag brath ar an Stát chun dul isteach sna cúirteanna laistigh de 3 nó 4 mhí i ngach cás, ach go leanfaí de tús áite a thabhairt do chásanna tosaíochta. Cé go bhfuarthas roinn maoinithe bhreise, bhí díomá ar an mBord nár tugadh an maoiniú dó a d'iarr sé, agus, ar ndóigh, go raibh ar an mBord leibhéal na seirbhíse don phobal a laghdú níos mó mar thoradh ar an maoiniú a fuair sé.

I Meán Fómhair 2003 mhol an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí don Bhord gur mar seo thíos a bheadh a mhaoiniú réamh-mheasta do na trí bliana a bhí le teacht:

Mheas an Bord a dhréacht-bhuiséad do 2004 ag a chruinniú i Meán Fómhair. Pléadh a impleachtaí do sholáthar seirbhíse cúnaimh dhlí go fada agus go mion. Agus a stádas airgeadais á mheas aige, dhírigh an Bord ach go háirithe ar fhorálacha mhír 5 den Acht um Chúnamh Dlí Sibhialta, 1995, a leagann amach dualgais reachtúla an Bhoird mar a leanas:

	2003 Toradh réamh-mheasta €000	2004 Leithdháileadh €000	2005 Leithdháileadh €000	2006 Leithdháileadh €000
Deontas i gcabhair				
Pá	10,700	11,321	11,781	11,880
Neamh-phá	8,550	6,567	6,745	6,917
<b>Iomlán</b>		<b>17,888</b>	<b>18,526</b>	<b>18,797</b>
Ioncain eile (ranníocaíochtaí costais etc)		1,112	1,124	1,153
<b>Maoiniú iomlán</b>	<b>19,250</b>	<b>19,000</b>	<b>19,650</b>	<b>19,950</b>

*"(1) Is í príomhfheidhm an Bhoird cúnamh agus comhairle dlí a chur ar fáil, laistigh de acmhainní and Bhoird agus ag teacht le forálacha eile san Acht seo, do dhaoine a chomhlíonann coinníollacha an Achta seo."*

Bhí caiteachas ar ábhair dhíscréideacha laghdaithe ag an mBord cheana féin i 2003; rinneadh laghduithe teoranta ar úsáid cleachtóirí príobháideacha; agus bhí beartas aige gan folúntais fhoirne a líonadh le go bhfanadh sé laistigh den leithdháileadh maoinithe do 2003. Chuir an Bord san áireamh chomh maith go bhféadfaí rátaí a ghearradh ar a ionaid dlí den chéad uair de bharr tabhairt isteach an Achta Luachála, 2001, agus gurbh é €420,000 san iomlán an t-éileamh a bheadh air nach mór do 2003 agus 2004 le chéile.

Mar sin níorbh fholáir an dréacht-bhuiséad do 2004 a ullmhú ar an mbonn go laghdófaí soláthar na seirbhísí dlíthiúla chun méid suntasach airgid a spáráil.

Sa chomhthéacs seo shocraigh an Bord gur ghá na leibhéal na seirbhísí dlí don phobal a laghdú níos mó, le go mbeadh sé in ann obair laistigh den bhuiséad molta. Rinneadh na socruithe seo a leanas:

- scéim na gcleachtóirí príobháideacha a theorannú níos mó;
- laghdú 700 cás a chur ar chúnamh dlí, sa chás go bhfostaítear abhcóide;
- leanúint ar aghaidh leis an mbeartas gan folúntais a líonadh mar a thagann siad anuas; agus
- mórán ionad dlí a athdhíriú ar sheirbhísí a sholáthar sa Chúirt Dúiche.

Bhí a fhios ag an mBord go mbeadh tionchar díreach ag na socruithe seo ar leibhéal na seirbhísí soláthraithe don phobal.

Mar sin, shocraigh an Bord go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an ábhar seo agus go bpléifeadh an Príomhfheidhmeannach socruithe an Bhoird leis an Roinn. Mar thoradh ar chainteanna leis an Aire agus a oifigh, cuireadh roinnt maoinithe breise ar fáil do 2003 agus 2004. Cé go raibh fáilte roimh an maoiniú breise, níor leor é áfach, chun ligean don Bhoird a shocruithe bunaidh a chur ar ceal, agus cé go raibh scóp áirithe ann chun tosaíochtaí a athordú, cuireadh na srianta ar sholáthar na seirbhíse iomlána i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair, 2003 agus lean siad ar aghaidh go dtí 2004.

Is í an chaoi in a bhfuil rudaí i 2004 go mbeidh líon na gcásanna ar tugadh cúnamh dlí sa Chúirt Chuarda dóibh 33% níos lú ná mar a bheadh mura mbeadh an maoiniú srianta. Chuaigh sé seo i gcion ar an líon daoine ag fanacht le seirbhísí dlíthiúla agus ar na tréimhsí feithimh san hionaid dlí.

## IMEACHTAÍ I gCOINNE AN BHOIRD MAIDIR LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA

Le linn 2003 bhí an Bord á ullmhú do chosaint na n-imeachtaí Ard Chúirte eisithe i gcoinne an Bhoird, an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus an Stáit. Chuir an gearánaí, Bean Uí Dhonchú, na himeachtaí ar aghaidh, á maíomh gur fhulaing sí cailteanas de bharr moille sa soláthar seirbhísí dlí.

Seo achroimre ar ábhair an cháis seo.

I Feabhra, 1997, d'iarr an gearánaí cúnamh agus comhairle dlí ar an mBord i dtaca le himeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh ar mhian léi a chur ar aghaidh. Tugadh coinne le h-aturnae don ghearánaí i Feabhra 1999, agus cuireadh cúnamh agus comhairle dlí ar fáil di mar is gnáth.

Mar thoradh ar an moill a tharla don ghearánaí maidir lena hiarratas ar chúnamh agus comhairle dhlí, chuir sí imeachtaí iomlánacha ar aghaidh i mí Iúil 1999. Chuardaigh an gearánaí roinnt dearbhuithe sna himeachtaí seo, lena n-áirítear:

- dearbhú go bhfuil sé de dhulagas ar na cosantóirí plé le hiarratais ar chúnamh dlí go tráthúil; agus
- dearbhú go bhfuil na cosantóirí ag sárú cearta rochtana bunreachtúla an ghearánaí ar na cúirteanna agus ina theannta sin go bhfuil siad ag sárú cearta an ghearánaí ráthaithe ag an gCoinbhinsiún Eorpach ar Chearta Daonna go háirithe Ailt 6,8, 13, agus 14.

Chosain an Bord an cás ar an mbonn go raibh sé d'iallach air feidhmiú laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil dó. Éistíodh an cás os comhair an Bhreithimh Uí Cheallaigh ag deireadh Eanáir 2004. I láthair na huair, tá an Bord ag feitheamh ar bhreithiúnas sa chás.

## SEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE

### Fprbhreathnú

Seirbhís speisialta is ea an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD) a sholáthraíonn comhairle agus cúnamh dlí ar fáil i ngach céim de phróiseas an tearmainn do dhaoine ag iarraidh tearmainn in Éirinn.

Tharla roinnt forbairtí tábhachtacha i 2003 i limistéar réimse an tearmainn, agus bhí seo le sonrú ar an tseirbhís a sholáthraigh an SDD. Cé go raibh maolú mór in iarratais nua ar thearmann, bhí an méid céanna clárúcháin cliant agus a bhí i 2002. Tharla forbairtí tábhachtacha chomh maith sa reachtaíocht agus sa dlí-eolaíocht. Chuir an tAcht Inimirce, 2003, roinnt leasuithe ar an Acht Dídeanaithe, 1996, agus d'eisigh an Chúirt Uachtarach roinnt breithiúnas tábhachtacha maidir le hábhair tearmainn.

### Acmhainní

Ba é €9.177 milliún maoiniú iomlán an Stáitchiste don SDD i 2003, i gcomparáid le €9.6 milliún i 2002. Lig leibhéal an mhaoinithe don SDD seirbhís a sholáthar do na hiarrthóirí go léir a bhí incháilithe dóibh agus leanúint ar aghaidh ag cur seirbhís neamhspleách leabharlainne agus taighde ar fáil tríd an Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaithe (IDD).

Lig an maoiniú don Bhord líon na foirne fostaithe ag an SDD agus an IDD a choinneáil an ag leibhéal céanna le 2002.

### Soláthar seirbhísí dlíthiúla i 2003

Ba chosúil le 2002 líon na gcliant nua i 2003, le 5,610, cé gur tháinig laghdú 40% nach mór ar iarratais nua ar thearmann. Ba é beagnach 50% de na hiarratais ar thearmainn ar fad líon na ndaoine cláraithe ag an gcéad chéim de phróiseas an tearmainn.

Cuireann an SDD seirbhís áitiúil ar fáil óna oifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh.

Clúdaíonn an tseirbhís seo cuairteanna rialta ó fhoireann an SDD ar na hionaid cóiríochta chun eolas a thabhairt do iarrthóirí tearmainn tagtha le déanaí, chun cliaint nua a chlárú, agus chun pointe teagmhála a sholáthar do chliaint reatha.

Leagtar amach thíos an treocht sa chéatadán de iarrthóirí tearmainn nua a chláraigh leis an SDD ag céim ar bith den phróiseas.

Bliain	Iarratais tearmainn nua	Cliaint nua an SDD	Cliaint nua an SDD ag an gcéad chéim mar % de hiarratais nua
1999	7,724	1,636	n.a.
2000	10,938	3,419	n.a.
2001	10,325	4,520	n.a.
2002	11,634	5,713	32%
2003	7,900	5,610	49%

D'iarr beagnach 70% de na daoine a chláraigh i 2003 cúnadh dlí ag an gcéad chéim den phróiseas, agus fuair siad é. Chuir 25% eile isteach ar sheirbhís roimh an achomhairc ag an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD).

Tar éis athbheithniú sainiúil ar chásanna, tá sé faighte amach ag an SDD nach raibh ach 8% de na hiarrthóirí a d'éirigh as an bpróiseas tearmainn i 2001 ina gcliainn den SDD. Ba iad 12% de na 6,000 iarrthóir i 2002, agus i 2003 25% de na 1,124 duine a d'éirigh as na figiúirí coibhéiseacha do na blianta sin.

### Anailís ar chomhaid dhúnta

Ag deireadh 2003, bhí 6,800 comhad ar chásanna as 21,000 ar fad dúnta ag an SDD. Cé gur dúnadh an chuid is mó de na comhaid seo dúnta i 2002 agus 2003, baineann cuid mhaith díobh le cliaint a chláraigh roimhe sin. Chuathas i mbun anailíse chun fáil amach cén fáth a dúnadh na comhaid, mar a tharla i 5,800 de na cásanna seo, agus seo thíos na torthaí:

Cúiseanna clabhsúir	% den iomlán
Éileamh ar thearmann tarraingthe ar ais mar thoradh ar iarratas ar chónaitheacht	9
Éileamh ar thearmann tarraingthe ar ais mar thoradh ar athdhúichiú deonach	4
Imlonnú an chliaint	5
Cead sealadach tugtha chun fanacht sa Stát	1
Gan a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leis an gcliainn	40
Seirbhís SDD gan a bheith ag teastáil ón gcliainn a thuilleadh	4
Chuaigh na cliainn chuig atur na príobháideach	11
Stádas ceadaithe	25
Eile	1
	<b>100%</b>

Léiríonn an anailís seo go dtarlaíonn an-chuid clabhsúir (55%) de bharr go n-éiríonn cliainn as seirbhísí an SDD (i.e. nuair nach bhfuil aon teagmháil ann, nuair nach dteastaíonn na seirbhísí, úsáid atur nae phríobháidigh). Ar an lámh eile de, i gcás 30% de na comhaid a dúnadh tharla toradh dearfach (stádas ceadaithe, cead fanacht tugtha, athdhúichiú deonach). Ní mór tabhairt faoi deara,

áfach, go bhfuil claonadh áirithe sa táscaire seo, óir fanann comhaid le torthaí diúltacha oscailte fad is atáthar ag fanacht le gníomhaíochtaí eile cosúil le achomharc a chur isteach, cuidiú le hiarratais ar chead fanacht, imeachtaí cúirte eile, nó soláthar seirbhíse i dtaca le heisiúint agus forfheidhmiú orduithe imlonnaithe.

## Seirbhísí Eolais

Baineann an SDD feidhm as modhanna éagsúla chun daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcliaint a chur ar an eolas faoina sheirbhís. Áirítear leis seo bileoga faoina seirbhísí agus faoi phróiseas an tearmainn, postaeir, gníomhaíochtaí for-rochtana, láithreoireachtaí agus seimineáir.

Tá bileoga ar fáil anois i naoi dteanga éagsúla agus seoltar iad chuig eagraíochtaí éagsúla rialtais agus neamh-rialtais ar fud an domhain, agus cuirtear postaeir suas i suímh straitéiseacha. Ina theannta sin, molann Oifig an Choimisinéara um Iarratais ar Dhídeanaithe (OCID) do gach iarrthóir tearmainn comhairle dlíthiúil a fháil agus cuireann in iúl dóibh go bhfuil na seirbhísí seo ar fáil ón SDD.

Bíonn an SDD i dteagmháil go rialta leis na heagraíochtaí atá páirteach i bpróiseas an tearmainn chun comhrá ar ghnéithe éagsúla den seirbhís a éascú, le go ndéantar an tseirbhís sin a mheasúnú agus a fheabhsú go leanúnach.

## Scéimeanna cleachtóirí príobháideacha agus abhcóidí

Chun cur le seirbhísí foireann-bhunaithe an SDD, leanann an Bord de aturnaetha agus abhcóidí a fhóstu chun achomhairc a chur isteach ar son iarrthóirí tearmainn atá ag fáil cúnamh dlí agus chun iad a ionadú sa Bhinse um Achomhairc Dídeanaithe. Tugann an tábla thíos sonraí faoi na cásanna curtha ar aghaidh chuig abhcóidí agus aturnaithe maraon le líon na n-atornaetha agus abhcóidí ar phainéil an SDD:

Bliain	Cásanna curtha ar aghaidh chuig aturnaetha	Cásanna curtha ar aghaidh chuig abhcóidí	Iomlán
2001	1,550	880*	2,430
2002	970	2,400	3,370
2003	866	1,581	2,447
Líon na n-atornaetha		Líon na n-abhcóidí	
2001	32	213	
2002	43	281	
2003	49	314	

\*Curtha ar aghaidh idir 30 Márta, 2001 (nuair a tugadh an scéim isteach) agus 31 Nollaig 2001

Laghdaíodh líon iomlán na gcásanna curtha ar aghaidh i 2003, ag léiriú go raibh maoiniú níos lú ann agus go ndearnadh acmhainní an SDD a athdhíriú ar na hachomhairc déanta ag aturnaetha an SDD.

## Coiste Neamhspleách Monatóireachta

Bunaíodh an Coiste Neamhspleách Monatóireachta don Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe nuair a cuireadh an tseirbhís féin ar bun i 1999. Is iad a théarmaí tagartha ná "a chinntiú go soláthrófaí seirbhís dlíthiúil ar dchaighdeánach d'iarrthóirí tearmainn de réir na socruithe comhaontaithe ag an mBord um Chúnadh Dlí agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus gearáin ó úsáideoirí na seirbhíse a fhiosrú."

Is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a cheapann na baill den Choiste. Déanann an Coiste ceithre chruinniú in aghaidh na bliana a reáchtáil. Ghlac foireann bainistíochta an SDD páirt sna cruinnithe seo i rith 2003 agus thugadar an coiste chun dáta ar fhorbairtí na bliana.

## Forbairtí reachtúla i 2003

Chuir an tAcht Inimirce, 2003, roinnt leasuithe ar an Acht Dídeanaithe, 1996. Is iad seo na leasuithe is tábhachtaí: o tabhairt isteach choinceap de thír bhunaidh shábháilte. Tá achomhairc sna cásanna sin ar na páipéir amháin, agus ní mór iad a chur isteach laistigh de dheich lá, murab ionann agus an teorann 15 lá i gcás achomharc béil.



- foráil a dheánadh a ligeann don OCID agus don Bhinse um Achomhairc Dídeanaithe (BAD) tosaíocht a thabhairt do chatagóirí áirithe cásanna;
- Tá an dualgas cruthúnais bogtha go cinnte ar an iarrthóir;
- ní bheith achomhairc a bhaineann le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath fionraithe a thuilleadh, i.e. déan far an t-iarrthóir a chur ar ais go dtí an Stát ónar tháinig sé/sí fad is atá an t-achomharc á mheas;
- má éirítear as cás diúltófar don iarratas ar thearmann;
- má theipeann ar iarrthóir bheith i láthair ag agallamh, agus mura dtugann sé cúis sásúil taobh istigh de thrí lá, glacfar leis go bhfuil an t-iarratas tarraingthe ar ais.

Chuir an SDD a sholáthar seirbhíse in oiriúint do na bearta nua seo.

### Cásanna a ndéantar athbheithniú breithiúnach orthu

D'eisigh Aonad an Athbheithnithe Bheithiúnaigh sé shraith de himeachtaí is daichead i 2003. Socraíodh nó buadh fiche ceathair de na cásanna seo, cailleadh ceithre cinn agus tarraingíodh ceann amháin ar ais. Tá na 17 gcás eile idir lámha fós.

Cásanna athbheithnithe bheithiúnaigh á láimhseáil ag an SDD is ea an dá cheann a leanas anseo:

### D i gcoinne an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus daoine eile

Chaill an t-iarrthóir an spriocdátá do achomharc a chur faoi bhráid an BAD go neamhaireach, ach chreid sé go raibh fógra achomhairc curtha isteach ar a shon ag duine "arbh fhéidir a chomhairleoir dlí a chur air". Theip ar gach iarracht chun an cliant a ligean ar ais i bpróiseas an tearmainn.

Chinn an tArd Chúirt go bhfuil dlínse ag an mBAD glacadh le fógraí achomhairc dhéanacha chun éagóir eisceachtúil a sheachaint. Ina bhreithiúnas, dúirt Butler J:

*"Glacaim leis nár mhór chomh fada agus is féidir an ciall a bhaint as cumhachtaí ábhartha reachtúla an Choimisinéara, an Bhinse agus an Aire go bhfuil sé de rún acu teacht le prionsabail an dlí reachtúil, lena n-áirítear an ceart ar nósanna*

*imeachta cothroma. Glacaim leis freisin nach bhfuil rud ar bith sa scéim reachtúil a choisceadh an Binse glacadh le achomharc déanach chun an t-éagóir eisceachtúil is léir dom sa chás seo a sheachaint."*

Ina theannta sin dúirt an Breitheamh:

*"Feictear dom gurb í an t-aon difríocht idir cás an Iarrthóra agus na 7 n-iarrthóirí eile ná gur ghlac an Binse lena achomhairc dhéanacha ar an mbonn gur 'chlis a n-aturnaetha orthu' ach nár bh é aturnae a chlis ar an iarrthóir ach duine ag feidhmiú mar chomhairleoir dlí, agus tharla an teip de bharr eachtra... nach raibh faoi smacht an Iarrthóra ar chor ar bith. Feictear dom, chun focail an Bhinse a úsáid, go ndearna an t-iarrthóir gach rud arbh féidir a bheith ag súil go réasúnta go ndéanfadh sí, agus nár chuir sí in aon chor leis an achomharc a bheith déanach."*

### Y i gcoinne an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus daoine eile

D'iarr an t-iarrthóir, náisiúnaí de thír Afraiceach, tearmann i mballstát eile den AE i 1998 agus diúltáíodh an t-iarratas seo i 2000. Tháinig sé go hÉirinn i Mí na Samhna, 2000, agus d'iarr sé tearmann.

Shocraigh Oifig an Choimisinéara um Iarratais ar Dhídeanaithe go n-aistreofaí é chuig an mballstát eile den AE faoi Ordú Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (Feidhmiú) (Ionstraim Reachtúil 343 de chuid 2000), ag tagairt go sainiúil do Alt 10 (1) (e) den Choinbhinsiún. Chuir sé seo d'iallach ar bhallstát eachtrannach ar dhiúltaigh sé a iarratas agus a bhí go mídhleathach i mballstát eile a thabhairt ar ais, ach níor cuireadh san áireamh iarratas ar thearmann a aistriú.

Chuir an SDD tús le himeachtaí athbheithnithe bheithiúnaigh ar son an chliant.

Chinn an Chúirt Uachtarach nach ndearna Ordú Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (Feidhmiú) an t-alt ábhartha de Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (10 (1) (e)) a ionchorprú i ndlí an Stáit.

Chomh maith leis sin chinn an Chúirt Uachtarach nach raibh aon fhoráil san Ordú a ligfeadh don Choimisinéir socrú cuí a dhéanamh i gcásanna inar dhiúltaigh an Stát freagrach an t-iarratas ar thearmann. Gan a leithéid de fhoráil bhí sé d'iallach ar an gCoimisinéir leanacht ar aghaidh leis an socrú faoi Mhír 8 den Acht Dídeanaithe .

Tugann Ordú Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (Feidhmiú) (I.R. 423, 2003) faoi na saincheisteanna a d'ardaigh an cás seo. Cuireadh i bhfeidhm é ar 15 Meán Fómhair, 2003 agus baineann sé le hiarratas ar bith ar thearmann déanta tar éis 1 Meán Fómhair, 2003.

## IONAD DOICIMÉADAITHE AR DHÍDEANAITHE

Bunaíodh an t-Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaithe (IDD) go deireanach i 2000 mar sheirbhís neamhspleách ag feidhmiú faoi choimirce an Bhoird um Chúnamh Díl.

Is é ról an Ionaid:

- bailiúchán a chue le chéile agus a chothabháil de eolas a bhaineann le thír bunaidh agus tearmann, inimirce, doiciméadú ar dhlí agus chearta daonna a mbeidh inrochtana do chách;
- seirbhís taighde agus fiosrúcháin a sholáthar do na heagraíochtaí go léir a bhfuil baint acu le próiseas an tearmainn; agus
- dul i mbun taighde eile agus oiliúna, chomh maith le seirbhís iasachta agus leabharlainne taighde a chur ar fáil.

Phléigh an IDD le níos mó ná 2,500 fiosrúchán i 2003, i gcomparáid le 3,000 fiosrúchán i 2002. Lerionn sé seo an laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann. Tháinig athrú mór, áfach ar chineál na bhfiosrúcháin a cuireadh isteach i 2003, agus ba é an treocht a chonacthas ná fiosrúcháin le mórán eilimintí casta, agus go minic bhain siad leis an dlí nó leis an nós imeachta dlíthiúil. Bhí 90% sa mheán de na fiosrúcháin ag lorg eolais ar thír bhunaidh, agus bhain an 10% eile le fiosrúcháin dlíthiúla nó cuasa-dhlíthiúla nó le cúrsaí leabharlainne. Tháinig 80% den na fiosrúcháin ó chomhairleoirí dlíthiúla, agus tháinig an chuid eile ó na gníomhaireachtaí éagsúla Stáit páirteach i bpróiseas an tearmainn.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha i 2003 chun gníomhaíochtaí reatha an IDD a mheas; chun riachtanais na gníomhaireachtaí éagsúla Stáit a staidéar; agus chun moltaí a dhéanamh a chuideoidh le forbairt straitéiseach an IDD. Tríd an Grúpa Stiúrtha, fostaíodh comhairleoir seachtrach ar conradh chun athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaithe, agus ullmhaíodh dréacht-thuairisc go deireanach i 2003. Tá an Grúpa Stiúrtha ag measúnú impleachtaí na tuairisce agus é de rún aige moltaí ar thodhchaí an IDD a cheapadh.

Bhí an IDD ina bhall-bhunaitheoir den Líonra Trasnáisiúnach Eorpach ar thír bhunaidh taobh leis an Refugee Legal Centre (Londain), Comhairle Dídeanaithe na hOllainne, Informationsverbund Asyl (An Ghearmáin)

agus ACCORD (An Ostair). Is iad cuspóirí an líonra seo ná an cleachtas is fearr a aimsiú maidir le limistéar na Tíre Bunaidh, agus le caighdeán agus modhanna ach go háirithe; limistéir a bhféadfaí comhoibriú iontu a fhiosrú; agus obair i dtreo comh-chur chuige oiliúna don Tír Bhunaidh. Thug an Ciste Eorpach do Dhídeanaithe maoiniú don tionscadal. Ionadaíodh an IDD ag an gcruinniú den Bhord Comhairleach den Líonra Eorpach ar Thír Bhunaidh i Meán Fómhair, 2003.

Lean gníomhaíochtaí oiliúna ar aghaidh i 2003 do na cásoibrithe a úsáideann seirbhísí an IDD, ach go háirithe ar cheapadh fiosrúchán agus iarratais oiriúnacha agus ábhartha a dhéanamh.

Foilsíodh bileog eolais oifigiúil don Ionad Doiciméadaithe ar Dhídeanaitheaithe i mBealtaine, 2003.

## CUNTAS ACHOMAIR AR ROINNT CÁSANA A FUAIR CÚNAMH DLÍ

### Iarratas ar cholscaradh á dhiúltú

Ceadaíodh cúnadh dlí chun tús a chur le himeachtaí colscartha. Bhí an t-iarrthóir (an fear céile) agus an freagróirí (an bhean chéile) ina gcónaí i dteach athair an iarrthóra. Agus iad ina gcónaí le chéile bhí an bhean den bharúil go ndéanfar an teach a thabhairt dóibh. Ar aon chuma, scar na páirtithe agus d'fhan an bhean i dteach an teaghlaigh. I rith na n-imeachtaí colscartha, d'iarr Breitheamh na Cúirte Cuarda ar an athair bheith i láthair ag na himeachtaí le fáil amach cé acu an raibh leas tairbhiúil ag an bhfear nó a bhean chéile i dteach an teaghlaigh. Shocraigh an Breitheamh nach raibh leas ag ceachtar de na páirtithe sa teach agus gur leis athair an iarrthóra an seilbh dhlíthiúil.

Lean an cás ar aghaidh mar sin mar ghnáthchás colscartha. Rinneadh comhaontú idirscartha roimhe sin inar thoiligh an fear céile le cothabháil a íoc. D'admhaigh sé agus é ag tabhairt fianaise nach ndearna sé na híocaíochtaí agus mhínigh sé gur tharla seo de bharr míchumais airgeadais. Dúirt sé go ndearna sé na híocaíochtaí cothabhála a mhinice agus ab fhéidir leis. Chuir a bhean chéile imeachtaí cothabhála ina aghaidh agus socraíodh ar mhéid athraithe. Cuireadh fianaise i láthair nár ghlac an fear céile leis an comhaontú athraithe.

Léirigh follasú deonach shócmhainní an fhir chéile go raibh cuntas taisce nár nocht sé cheana. Tugadh fianaise go raibh sé ina chomhshealbhóir ar mhaoín tí ar luach €90,000, a bhí cláraithe in ainmneacha an fhir chéile agus a chomhpháirtí reatha tar éis eisiúint na n-imeachtaí colscartha. Chuir an fear céile in iúl ina fhianaise go n-íocfadh sé €100 i gcomhair cothabhála sa chás go bhféadfadh sé na híocaíochtaí a thabhairt. Ag an am bhí sé ar Scéim um Fhilleadh ar an Obair a bhí beagnach thart agus chreid sé nach mbeadh cúnadh dífhostaíochta aige go ceann trí seachtainí. Dúirt an Chúirt go raibh sí sásta go raibh na páirtithe ina gcónaí scartha óna chéile ar feadh na tréimhse riachtanaí agus nach dtarlódh aon athmhuintearas eatarthu. Chuir an Breitheamh in iúl, áfach, go raibh sé den tuairim nach bhféadfadh an Chúirt soláthar cuí airgeadais a dhéanamh don bhean, de bharr go raibh teipthe ar a fear céile cheana cothabháil a íoc di. Mar sin, dhiúltaigh an Chúirt don iarratas ar fhoraithe

colscartha.

### Dámhachtain costas in aghaidh Boird Shláinte in imeachtaí cúraim leanaí

Tugadh cúnadh dlí don iarrthóir i 2000 chun Toghairm Speisialta Ard Chúirte maidir lena hiníon, ar mionaoiseach í. Theastaigh ón iarrthóir go dtabharfaí a hiníon, a bhí ina déagóir, ar ais ina cúram, óir ag an am sin bhí a hiníon á coimeád in institiúid agus á míochnú go trom. Chreid an mháthair go mbeadh sé chun leasa na hiníne dá mbeadh sí sa bhaile léi, i gcomhair le cúnadh ó eagraíochtaí tacaíochta, cosúil leis an mBord Sláinte agus comhlachtaí bainteacha.

Mhaigh an mháthair go raibh an Stát freagrach as na drochfhadhbanna pearsanta a bhí ag a hiníon. Dúirt an Breitheamh go ndearnadh iarrachtaí suntasacha áit a fháil don pháiste ach nach bhféadfadh an Bord Sláinte an cúnadh riachtanach a chur ar fáil ach in aonad síciatrach ospidéal ghinearálta. Dúirt sé gur ceann de cásanna an cás seo nuair a bhí teipthe ar an Stát áiseanna a sholáthar do roinnt páistí a raibh réimse deacrachtaí acu.

Faoi dheireadh tharla imeachtaí cúirte an-fhada, le an-chuid láithreas cúirte ar feadh trí bliana nach mór. I ndeireadh na dála cuireadh an t-ábhar ar atráth le cead athiontrála; shroich an mionaoiseach ocht mbliana déag d'aois i 2003 agus ní raibh sí faoi réir imeachtaí cúraim leanaí a thuilleadh. Bronnadh na costais ar an máthair agus d'íoc an Bord Sláinte costais thar €212,000 don Bhord um Chúnamh Sláinte.

### Iarrthóir tearmainn ón Afraic Thiar

Ba fhear 30 bliain d'aois ó thír san Afraic Thiar an t-iarrthóir, agus rinne líomhain go ndearnadh géarleanúint air ina thír bhunaidh mar gheall ar a chlaonta polaitiúla.

Dúirt sé gur gabhadh é i 1996 de bharr go raibh sé ag dáileadh bileoga de chuid pháirtí an fhreasúra, gur coinníodh faoi choimeád é ar feadh ocht seachtainí; go raibh air obair éigeantach a dhéanamh; agus gur ligeadh saor ansin é gan é bheith cúisithe. Dúirt an t-iarrthóir gur gabhadh arís é le linn toghchán i 2002; gur bhuail na póilíní é agus é faoi choimeád; agus gur cuireadh in a leith gur chuir sé carr a raibh boscaí ballóide ann faoi thine. D'éiligh sé gur éalaigh sé le cúnadh ó atur nae a d'fhostaigh a dheirfiú; agus thug le tuiscint go raibh faitíos air go gcuirfí i bpríosún uas-slándála ar a theacht ar ais chuig a thír bhunaidh.

Níor éirigh leis an chéad uair agus tugadh cúnamh dlí don iarrthóir le cuidiú leis achomharc a dhéanamh. Thagair an Binse Achomharc do Dhídeanaithe do thuairiscí Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe ar úsáid fhorleathan an chéasta agus an neamhaird ar chearta daonna i dtír bhunaidh an iarrthóra.

Dúirt an Ball den Bhinse sa deireadh: "De bharr an eolais atá ar fáil don Bhinse seo faoin dtír bhunaidh, is ar thaobh an iarrthóra agus chúinsí an cháis áirithe seo atá an ceart. Tá fianaise ann a thugann le fios dá gcuirfí ar ais chuig a thír bhunaidh inniu, tá cosúlacht réasúnta ann go mbeadh sé i mbaol céasta ar bhonn atá curtha san áireamh san Acht Dídeanaithe, 1996 (leasú)." Tugadh stádas dídeanaí don iarrthóir.

## Beirt iarrthóir tearmainn mhionaoiseacha ón Áise Theas

I mí Eanáir, 2003, chláraigh Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh beirt dheirfiúr a bhí ina déagóirí leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe, le go bhfaighfidís ionadaíocht dhlíthiúil dá n-éileamh ar thearmann. Thog sé mórán míonna agus comhiarrachtaí oibrithe sóisialta, altráí, síciatraithe, teangairí agus an ionadaí dhlíthiúil chun a gcúlra a dhéanamh amach. Dúirt na cailíní gur chuir a seanmháthair i ndílleachtlan iad agus iad an-óg tar éis go bhfuair a dtuismitheoirí bás i gcúinsí nach bhfuil aon eolas fúthu. Tá sé doiciméadaithe go soiléir go n-eagraíonn scarúnaithe an dílleachtlan mar champa oiliúna míleata sa tír sin. Chuir siad síos ar an gcaoi go bhfuairadar oiliúint in úsáid gunnaí, i modhanna marthanais agus staonadh ó bhia ar feadh tréimhsí fada. De réir síciatraí leanaí déanadh síolteagasc géar ar na cailíní fad is a bhí siad ag maireachtáil faoi chóras that a bheith dian. Dúirt na cailíní go bhfuair a mbráthar bás mar 'mhairtíreach' ar mhisean féinmharfach. Bhí an chuma ar an scéal go raibh sé an-deacair do na cailíní éirí cleachta lena dtimpeallacht nua in Éirinn. Tar éis roinnt míonna a chaitheamh faoi chúram an Bhoird Sláinte tháinig feabhsú ar dhearcadh na gcailíní agus bhí siad réidh lena n-agallamh leis an gCoimisinéir Um Iarratais Dhídeanaithe. In ainneoin a n-aois agus an síolteagasc líomhanta, thug na cailíní cuntas an-éifeachtach ar a saol ina dtír bhunaidh agus tugadh stádas dídeanaithe dóibh ar an gcéad bhabhta.

## ACMHAINNÍ DAONNA

### Leibhéil na Foirne

Ar 1 Eanáir, 2003, ba é 409 líon iomlán na foirne ceadaithe don Bhord um Chúnadh Dlí, mar a gcéanna le 2002. Clúdaíonn an t-uimhir seo 140 bal den fhoireann ceadaithe don tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe, cé go bhfuil líon na ndaoine ag obair inti faoi 130.

I rith 2003, tugadh tús áite ó thaobh na foirne de do chostais a rialú le go mbeifí in ann fanacht taobh istigh den na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil. Mar thoradh air seo, bhí roinnt folúntas fágtha gan líonadh. Gearradh siar caiteachas ar ragobair agus ar fhoireann shealadach a earcú chun áit fhoirne ar saoire íoctha, cosúil le saoire mháithreachais agus saoire bhreiteachta, a ghlacadh. Ba é toradh a bhí ag na bearta seo ná gur laghdaiodh leibhéil na foirne ó 409 go 373, i dtéarmaí postanna lánaimseartha, faoi dheireadh 2003, agus clúdaíonn seo 125 fostaithe sa tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe.

### Dul Chinn Cinn Á Chothú

I rith 2003, chuir an Bord bearta chun cinn a bhí riachtanach chun próiseas an nuachóirithe san eagraíocht a neartú agus a dhoimhniú de réir riachtanas an Chláir Náisiúnta nua – Dul Chinn Cinn Á Chothú. Is iad atá sna bearta seo an clár oibre do threocht straitéiseach chlár nuachóirithe an Bhoird sa mheántearma.

Is é príomhghné na mbearta ná a bhfócas ar (i) shiangeomhaíochtaí chun solúbthacht agus freagrúlacht i soláthar seirbhíse a fheabhsú agus (ii) réimse bearta chun aschur agus torthaí sainiúla do na acmhainní a úsáidtear a shainiú.

Ghlac an Bord páirt in idirbheartaíochtaí leis na ceardchumainn ag ionadú fhoireann na heagraíochta ar bhearta a bhaineann le hathruithe i gcleachtais na hoibre a bhfuil mar aidhm acu soláthar seirbhíse a fheabhsú. Ghluais an Bord ar aghaidh a dhóthain le cead a fháil an méadú ar thuarastal dlite don fhoireann faoi Dul Chinn Cinn Á Chothú a íoc ó Eanáir, 2004.

### Plean Corparáideach

I ndiaidh comhairliúcháin leathan a raibh na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha páirteach ann, chuir an Bord Plean Corparáideach nua i gcrích don

tréimhse 2003-2005. Tá fócas ar leith ag an bPlean nua ar leanúint ar aghaidh le meicníochtaí a fhorbairt chun cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear a mheas. Leagtar an bhéim ar tháscairí lárnacha ar leith a léiriú atá bunúsach do ráiteas misin agus spriocanna ard an Bhoird, agus tá bearta breise ann chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag na táscairí lárnacha.

Chun fócas na heagraíochta ar a chustaiméirí a fheabhsú, cuireann an Plean Corparáideach d'iallach ar an mBord painéal client-úsáideoirí a bhunú le go mbeidh comhairliúchán leanúnach ann faoi sholáthar seirbhíse, agus chun ceistneoirí ar shásamh custaiméirí a fhorbairt. Cuideoidh seo le héifeachtacht na seirbhíse a mheas go h-inmheánach agus i ndeireadh na dála beidh tionchar aige ar éifeachtacht na foirne atá at soláthar seirbhíse do chustaiméirí seachtracha.

### Córas chun Feidhmíocht a Bhainistiú agus a Fhorbairt

Leanadh ar aghaidh i rith 2003 leis an gcóras chun feidhmíocht a bhainistiú agus a fhorbairt a neadú san eagraíocht. Chun é seo a chur i bhfeidhm tugadh na pleananna gnó chun dáta chun iad a chur ar aon líne le tiomantais an Phlean Chorpóraidigh nua do 2003-2005, agus ligeadh do bhainisteoirí aiseolas indibhidiúil a fháil.

I ndiaidh próisis iomaíoch tairiscinte, tugadh conradh do chomhlacht seachtrach na cláir oiliúna agus forbartha a sholáthar ar léiríodh gur cuid den chóras chun feidhmíocht a bhainistiú agus a fhorbairt. Tugadh Oiliúint Bainistíochta do fhoireann riaracháin agus cuasa-dhlíthiúil le freagrachtaí bainistíochta, agus cuireadh cláir ar fáil freisin don fhoireann ar sheirbhís do chustaiméirí, bhainistíocht ama agus thuirisceoireacht.

I rith na bliana thug An Cumann Dlí Rialacháin nua isteach maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), a chuireann d'iallach ar aturnaetha 20 uaire forbairt gairmiúil leanúnach a dhéanamh faoi Nollaig, 2005. Féachfaidh an Bord chuige go ligfidh na deiseanna oiliúna do gach aturnaí riachtanais an Chumainn Dlí a chomhlíonadh.

Chuir an Bord oiliúint i bhforbairt bainistíochta ar fáil d'aturnaetha bainistíochta i 2003. Dhírigh seo ar dhúshláin na bainistíochta i dtimpeallacht in a bhfuil acmhainní teoranta, agus ar na scileanna agus teicnící praiticiúla a theastaíonn chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

### Comhpháirtíocht

Is é príomhfhócas an Choiste Comhpháirtíochta i 2003 ná:

- clár oibre a chur ar aghaidh a thagann ó na tiomantais leagtha amach sa Phlean Corparáideach nua do 2003-2005, a raibh tionchar aige ar chúram an Choiste; agus
- ról láidir a ghlacadh chun cinntiú go sásann an Bord na dualgais atá air ó thaobh nuachóiriú na seirbhíse, mar a shamlaítear in Dul Chun Cinn Á Chothú.

I rith 2003 lean an Coiste de bheith freagrach go hiomlán as forbairt na foirne, cumarsáid, sláinte agus sábháilteacht, INPUT(scéim do mholtaí na foirne) agus feidhmíocht eisceachtúil san eagraíocht.

### Forbairt na Foirne

Chuir Grúpa Oibre Forbartha na Foirne de chuid an Bhoird plean oibre athbhreithnithe, a bhí ag teacht le tiomantais an Phlean Chorpáidigh. Bhain an chuid is mó de ghníomhaíochtaí eile an Ghrúpa le cur i bhfeidhm na gclár oiliúna agus forbartha. Rinneadh iad seo a aithint trí anailís a dhéanamh ar na riachtanais oiliúna a thagann as an gcóras chun feidhmíocht a bhainistiú agus a fhorbairt. Bhíothas a smaoineamh ar dtús ar fhorbairt na meicníochtaí chun éifeachtacht na gcláracha oiliúna, lena n-áirítear an tionchar atá acu sa láthair oibre, a mheasúnú.

### Comhdheiseanna

Mar a dúradh i Ráiteas Comhionannais agus Ilghnéitheachta an Bhoird, is fostóir é an Bord a ghlacann le deiseanna comhionanna. Tugtar aird iomlán chothrom do gach iarrthóir ar fhostaíocht, agus cuirtear san áireamh mianach agus cumas an iarrthóra chomh maith le riachtanais agus critéir incháilíochta an phoist. Caitear go cothrom le gach duine maidir le forbairt ghairme, ardú céime agus oiliúint. Oibríonn an Bord laistigh de théarmaí an Achta Um Chomhionannas Fostaíochta, 1998. Ainmnítear ball den fhoireann i Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird mar Oifigeach Comhionannais an Bhoird. Cuireann an Plean Corparáideach d'iallach freisin ar an mBord féachaint an gcomhlíonann beartais na rannóige acmhainní daonna na critéir chomhionannais.

### Sláinte agus sábháilteacht

Lean an Bord i rith na bliana de chur chuige gníomhacha a chur i bhfeidhm maidir lena bheartais sláinte agus sábháilteachta agus a dhulagais faoin Acht Um Shábháilteact, Shláinte, agus Leas ag an Obair, 1989. Rinne an Bord ach go háirithe a ráiteas sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta.

Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag deimhniú go n-oibríonn an fhoireann go léir i dtimpeallacht shlán agus shábháilte.



## AIRGEADAS

Tugtar ráitis airgeadais an Bhoird do 2003 in Aguisín I.

### Ioncam

Seo thíos roinnt cuntas mínithe ar fhoinsí ioncaim an Bhoird.

#### (a) Deontas i gcabhair

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, is deontas i gcabhair ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an chuid is mó de ioncam an Bhoird. Ba é €18.389 an maoiniú a chuir an Rialtas ar fáil i 2003, méadaithe ó €17.636 i 2002.

#### (b) Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe

Ba é €9.177 milliún an maoiniú ón Státchiste don SDD i 2003. Ba é seo an leibhéal maoinithe a bhí riachtanach chun costas na seirbhísí cúnamh dlí a sholáthraigh an Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe le linn bliana a íoc.

#### (c) Ranníocaíochtaí

Tugann daoine a fhaigheann cúnamh dlí ranníocaíocht ioncam-choibhneasa; i roinnt cásanna cuirtear a n-acmhainní caipitil san áireamh freisin. Is é €6 an íosranníocaíocht i gcomhair comhairle dlí agus €35 i gcomhair ionadaíocht chúirte. Is féidir an t-íosranníocaíocht a tharscaoileadh i gcás cruatain. Bhí an t-ioncam ó ranníocaíochtaí 13% níos lú ná 2002. Cúis amháin gur tharla sé seo ba é an laghdú ar líon na gcásanna ar ghlac an Bord leo i 2003.

#### (d) Aisghabháil costas

Is féidir leis an mBord costas na seirbhís a sholáthar a aisghabháil ó:


- (i) an páirtí eile i ndíospóid, de bharr ordú cúirte nó mar chuid de chomhaontú chun díospóid a réiteach; nó
- (ii) ón té a fuair cúnamh dlí as airgead/maoin faighte aige mar thoradh ar sholáthar seirbhísí dlí.

Athraíonn méid na gcostas a aisghabháil go mór ó bhliain go bliain, go háirithe má fhaigheann an té dámhachtain costas i gcás ina an páirtí eile in ann na costais a íoc. Ní tharlaíonn seo go ginearálta i gcásanna dlí teaghlaigh, arb iad an chuid is mó de ualach oibre an Bhoird. Ba 23% níos mó iad ná 2002 na costais a aisghabháil i 2003 (€904,790 i gcomparáid le


€737,760). Léiríonn seo an leibhéal níos airde aisghabhála costas i gcásanna athbheithnithe bhreithiúnaigh ar ghlac an SDD leo.

## Caiteachas

Léiríonn an graf seo thíos briseadh síos chaiteachas an Bhoird le ceithre bliana anuas.



Taispeánann an graf seo an gaol idir maoiniú Oireachtais agus caiteachas iarbhír le deich mbliana anuas.



Ba chóir tabhairt faoi deara go gcludaítear maoiniú agus caiteachas an SDD sna figiúirí thuas do na blianta 2000 ar aghaidh.

Is iad atá thíos na cuntais mhínithe ar na caiteachais mhóra i ráitis airgeadais 2003:

### 1) Tuarastail

Tharla an méadú €768,000 (6%) sa chaiteachas ar fhostaithe i 2003 mar thoradh ar mhéadú pá agus costas na n-incrimintí.

### 2) Cóiríocht

Tharla laghdú caiteachais €472,000 (11%) sa limistéar seo i 2003. Tharla an laghdú seo mar thoradh ar shocruithe an Bhoird caiteachas faoin gceanteideal seo a íoslaghdú chomh fada agus ab fhéidir. Cuireadh siar an plean chun ionaid dlí a athlonnú de bharr srianta airgeadais.

### 3) Táillí agus costais dlíthiúla

Clúdaítear roinnt eilimintí difriúla faoin gceanteideal seo – féach Nóta 6 sna cuntais – agus tugtar cuntas mínithe ar gach ceann de na ceanteidil éagsúla a dhéanann suas an t-iomlán, mar seo a leanas:

#### (i) Táillí abhcóidí

Tháinig méadú thar €652,000, nó 20%, ar tháillí abhcóidí, i gcomparáid le 2002. Tharla seo de bharr foirmeacha éilimh a bheith curtha isteach rud beag níos tapúla, arduithe tuarastail a chur ar chomhchém le leibhéal na dtáillí agus tionchar an mhéadaithe ar aisghabháil costas ar leibhéal na n-íocaíochtaí tugtha do abhcóidí.

Nuair a aisghabháiltear costais, tugtar an méid a aisghabháiltear maidir le táillí abhcóidí don abhcóide agus go hiondúil is airde é seo ná an táille a íocann an Bord de ghnáth.

Léiríonn an tábla thíos an treocht i gcaiteachas ar tháillí abhcóidí ó thaobh cúnaimh dlí agus comhairle le sé bliana anuas.

Bliain	Táille abhcóide €
1998	1,370,000
1999	2,023,000
2000	1,996,000
2001	2,318,000
2002	3,326,142
2003	3,978,398

Ba iad €416,000 na táillí a íocadh d'abhcóidí do athbhreithniú breithiúnach sa SDD i 2003.

#### ii) Táillí dlíthiúla – costais

Is iad atá i dtáillí dlíthiúla ná na táillí a bhí an mBord maidir le seirbhís cúnaimh dlí shibhialta agus comhairle ar fáil don phobal. Tagann 50% den chaiteachas seo ón SDD, agus clúdaíonn sé ach go háirithe caiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin agus teangaireachta do iarrthóirí tearmainn.

#### iii) Scéim na gcleachtóirí príobháideacha

Caitheadh €2,096,500 ar scéim na gcleachtóirí príobháideacha i 2003.

Tagann thar 60% den chaiteachas seo ón SDD, óir baineann sé úsáid go mór as aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha i gcomhair achomharc sa Bhinse Achomharc Dídeanaithe.

#### (iv) Táillí gairmiúla eile

Baineann costais faoin gceanteideal seo le gairmithe a bheith fostaithe ag an mBord chun seirbhís neamhspleách dlí agus seirbhísí eile a sholáthar don Bhord.

#### (v) Táillí eile

Ní mór do aturnaetha fostaithe ag an mBord um Chúnamh Dlí teastas cleachtais eisithe ag an gCumann Dlí acu. Chosain na teastais seo beagnach €204,000 i 2003. Clúdaítear faoin gceanteideal seo freisin caiteachas ar oiliúint agus shíntiúis bliantúla ballraíochta.

## Airgead tirim ar láimh ag sa bhanc

Léiríonn an clár comhordaithe go raibh thar €2.54 milliún ar an láimh ag an mBord ag deireadh 2003. As an méid seo coinníodh airgead suas go €1.35 milliún ar son cliant. Feicfear ó Nóta 11 do na cuntais gur sháraigh tréchur airgead na gcliant €9.4 milliún i 2003. Tagann seo ó chásanna nuair a fuair cliaint airgead, mar thoradh ar chomhairle dlí nó ionadaíocht sa chúirt, ó pháirtí eile nó trí maoin a dhíol. Déantar an t-airgead seo go léir a lóisteáil ar dtús i gCuntas Chiste Chliant Cúnaimh Dhlí roimh é a thabhairt ar ais do cliant, gan an méid a bheith tarraingte as i gcásanna áirithe a bhí caite ag an mBord ar chostas seirbhísí dlíthiúla.

Ina theannta sin, níor críochnaíodh roinnt tionscadal i 2003 agus tarraingíodh roinnt maoinithe chuig 2004. Áirítear leis na tionscadail seo athchóiriú ionad dlí, nárbh fhéidir a chur chun críche roimh dheireadh na bliana, agus costais a tháinig as scéim na gcleachtóirí príobháideacha sa Chúirt Chuarda.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Cuireann Mír 4 en Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 d'iallach ar an mBord íoc as soláthar earraí nó seirbhísí faoin dáta íoca molta. Faoi láthair is é is brí leis an dáta seo 30 lá i ndiaidh sonrasc a fháil, nó laistigh de thréimhse níos lú de réir mar a shonraítear i gconradh scríofa. Má theipeann ar an mBord íocaíocht a dhéanamh faoin dáta íoca molta, ní mór ús a íoc don soláthróir.

Cinntíonn nósanna imeachta go gcomhlíonann an Bord i ngach bealach dualgais an Achta. Athbhreithníonn an bhainistíocht tuairiscí míosúla ar ús a bheith íoctha agus téitear i mbun ceartúcháin más gá le bheith cinnte go gcomhlíonfaí an tAcht agus chun ús de bharr íoc go déanach a sheachaint sa todhchaí.


Ba é €170 an méid iomlán úis de bharr íoca dhéanaigh a íocadh do sholáthróirí earraí agus seirbhísí i rith 2003 (€613 i 2002), agus is ionann sin agus 0.0011% de na híocaíochtaí ábhartha (0.0039% i 2002).

Níor tharla sé ach dhá uair go raibh íocaíochtaí déanacha i rith na bliana agus sonrasc thar €300 i gceist (€19 i 2002). Ba é €2,721 luach iomlán na n-íocaíochtaí sin. Ba iad 0.025% de na híocaíochtaí iomlána (0.33% i 2002) na híocaíochtaí déanacha.





# AGUISÍNÍ





## **AGUISÍN I**

### **CISTE CÚNAIMH DLÍ**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON  
BHLIAIN A CHRÍOCHNAIGH  
ar 31 NOLLAIG 2003**



## CISTE CÚNAIMH DLÍ

### TUAIRISC AN ARD REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR I DTITHE AN OIREACHTAIS

Tá na ráitis airgeadais ar leathnaigh 40-51 iniúchta agam de réir Mír 5 de Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

#### *Freagrachtaí éagsúla an Bhoird agus an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Leagtar amach freagrachtaí cuntasáíochta bhail an Bhoird ar leathanach 38. Is í an fhreagracht atá orm ná tuairim neamhspleách a chruthú, agus í bunaithe ar an iniúchadh atá déanta agam, ar na ráitis airgeadais curtha i mo láthair-se, agus tuairisc a dhéanamh orthu.

Measaim cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an ráiteas ar an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais an treoir infheidhme ar rialú corparáideach, agus tuairiscim aon áit nach ndéantar é seo, nó má tá cur amú á dhéanamh ag an ráiteas nó má thagann sé salach ar fhaisnéis eile is eol dom ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais.

#### *Bonn na Tuairime faoin Iniúchadh*

Agus mé ag feidmiú mar Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, chuir mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir caighdeán iniúchta an Bhoird um Chleachtas Iniúchta agus á chur san áireamh cúinsí ar leith na gcomhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistíochta agus a bhfeidhmíochta.

Clúdaíonn iniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise atá ábhartha do na méid agus dá bhfuil nochtaithe sna ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais a dhéantar agus sna ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measann sé cé acu an ndéantar nó nach ndéantar na beartais cuntasáíochta a chur in oiriúint do chúinsí an Chiste, a chur i ngníomh go seasta agus a nochtadh i gceart.

Rinne me an t-iniúchadh a phleanáil agus a chur i ngníomh le go mbeinn in ann an t-eolas agus na míniúcháin a fháil a mheas mé a bhí ag teastáil chun dóthain fianaise a thabhairt dom go bhféadfainn a bheith réasúnta cinnte go raibh na ráitis airgeadais saor ó aon ráiteas nach raibh fíor, agus a bhí ann de bharr calaoise nó neamhrialtacht nó earráidí eile. Agus me ag teacht ar mo thuairim rinne mé freisin freagracht iomlánach chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais a mheasúnú.

#### *Tuairim*

Is é mo thuairim gur choinnigh an Bord leabhair chuntais chuí agus go léiríonn na ráitis airgeadais atá ag teacht leo, go fíor agus go cothrom an riocht ina bhfuil an Ciste Cúnaimh Dhlí ar 31 Nollaig, 2003, chomh maith lena ioncam, chaiteachas agus shreabhadh airgid thirim.

John Purcell

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste


22 Iúil, 2004


## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Cuireann Mír 20 den Acht um Chúnadh Dlí Sibhialta, 1995 de dhualgas ar an mBord cuntais chúí a choinneáil ar aoin airgead faighte nó caite aige in aon fhoirm a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le cead ón Aire Airgeadais. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

- beartais chúí cuntasáíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú go leanúnach ach amháin sa chás go bhfuiltear in amhras fo leanfaidh an Ciste ar aghaidh; agus
